# Glór

Meitheal Pleanála
Teanga an Iarthuaiscirt
An Crannóg
Srath na Corcra
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
074 9560620 / 087 2491101

Meitheamh 2024

*Buanú agus neartú na Gaeilge san Iarthuaiscirt*

## Fóram Réigiúnach OPTanna Thír Chonaill i dTeach Jack ar an Ghlaisigh ar na mallaibh

Bhí muid i láthair ar na mallaibh ag Tionól OPTanna i dTeach Jack ar an Ghlaisigh le gairid. Bhí cúpla ceardlann suimiúil ar siúl i rith an lae. Rinne Mícheal S. Mac Donnacha atá mar Oifigeach Oideachais le COGG cur i láthair bunaithe ar an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta sna bunscoileanna agus na méanscoileanna.

Rinne Pádraigín Uí Thoirealaigh atá mar phríomhoide ar Scoil Náisiúnta Ghort an Choirce cur i láthair ar an méid atá déanta ag an scoil i ndiaidh dóibh aitheantas a bhaint amach mar Scoil Ghaeltachta.

Chuir Mícheal S. deireadh leis an lá nuair a labhair sé linn faoi todhchaí an Pholasaí.



# Béarbaiciú galánta sa Chrannóg mar pháirt don Chlár Cuideachta i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta

Bhí beárbaiciú galánta againn le gairid do na teaghlaigh atá cláraithe don Clár Cuideachta do chuid Tuismitheoirí na Gaeltachta. Bhí lúchair mhór orainn a bheith ábalta é a eagrú i gcomhar le Eilín Uí Bhaoill ó Thuismitheoirí na Gaeltachta.

Tá moladh mór tuillte ag Eilín as an obair uilig a dhéanann sí le Tuismitheoirí na Gaeltachta i gcontae Dhún na nGall.

Míle buíochas le Aodh Mac Giolla Bhríde, Meagie Mhic Glionsaigh agus Brídanna Ní Bhaoill a thug cuidiú mhór dúinn ar an lá. Míle buíochas leis an slánaitheoir a thug aimsir mhaith dúinn ar an lá chomh maith!





# Feachtas Lón an Luain i gcomhar le bialanna agus caiféanna an cheantair seolta don Samhradh







Tá an feachtas Lón an Luain seolta anois don tríú Samhradh as a chéile. Is feachtas é seo ar na meáin shóisialta ina dtugann muid seans don phobal dearbhán a bhaint do bhialann nó caifé difriúil sa cheantar gach seachtain. Bhain Natasha Ní Ghallachóir as Cnoc Fola dearbhán do Theach Mhicí agus bhain Marian Uí Fhearraigh dearbhán do Theach Pháidí Óig go dtí seo. Comhghairdeas leo beirt!

# An t-Oifigeach Pleanála Teanga Dónall Ó Cnáimhsí i láthair ag Blaiseadh na Gaeltachta i Rann na Feirste

Chuir an t-Oifigeach Pleanála Teanga Dónall Ó Cnáimhsí tús bréa láidir leis an chúrsa Blaiseadh na Gaeltachta in Áislann Rann na Feirste ar na mallaibh agus é ag tabhairt comhthéacs don méid a bhí i láthair faoi chúrsaí Gaeltachta (inné, inniu agus amárach).

Cúrsa ar dóigh a bhí anseo le neart aoi chainteoirí suimiúla ar nós Lillis Ó Laoire, Brian Danny Minnie Ó Domhnaill, Suzanne Uí Ghallchóir, Micí Whiting Mac Aoidh srl. Bhí cuid mhór téamaí difriúla pléite le linn an chúrsa cosúil leis an scéalaíocht agus an t-amhranaíocht chomh maith le roinnt siúlóidí treoraithe in suíomhanna difriúla.

Tá moladh mór tuillte ag Seanchas Sheáin Néill, Seoirsín Ní Mheachair, Sean Cahill agus Craobh Chumar an Dá Uisce as ucht an chúrsa a eagrú.




# Féile Dorn San Aer seolta ar RTÉ RnaG in ómós do Rónán Mac Aodha Bhuí




Rinneadh an fhéile Dorn San Aer a sheoladh ar RTÉ RnaG ar na mallaibh in omós do Rónán Mac Aodha Bhuí.

Beidh an fhéile é féin ar siúl idir an deireadh seachtaine don 27ú agus an 29ú Meán Fómhair.

Tá neart ceoltóirí agus grúpaí ceoil meallta le seinm thar an deireadh seachtaine ar nós Bréag, Imlé, Huartán, Emma Ní Fhíoruisce, John Spillane, Eve Belle srl.

Beidh lá teaghlaigh agus ceardlann difriúla ar siúl thar an deireadh seachtaine fosta.

# Cúrsa 6 Seachtaine: "An Saol Ar An gCósta"

**Deis níos mó a fhoghlaim faoinár gceantar cósta, a shuímh stairiúla agus a sheandálaíocht, logainmneacha, fiadhúlra agus go leor eile. €30 an duine do na 6 seachtaine. Ar siúl ó 3 Iúil go 7 Lúnasa idir 7:00 go dtí 9:00 sa Chrannóg. Gach Eolas ag 0749 5322 08 cfgd@crannog.ie**

Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

etb Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall Donegal Education and Training Board

Rialtas na hÉireann Government of Ireland

Co-mhaoinithe ag an Aontas Eorpach Co-funded by the European Union

LIFE on Machair SAOL ar an Mhacaire



# AN CRANNCHUR MÓR

Réaltaí Samhraidh
An Ceart chun Léitheoireachta

TICÉAD ÓRGA

1. CLÁRAIGH LE HAGHAIDH RÉALTAÍ SAMHRAIDH AG DO LEABHARLANN ÁITIÚIL NÓ TAOBH TÍRE

2. FAIGH AR IASACHT AR A LAGHAD LEABHAR GAEILGE AMHÁIN AGUS FAIGH TICÉAD ÓRGA DON CHRANNCHUR

3. BEIDH CRANNCHUR DÁ GCUID FÉIN AG GACH LEABHARLANN AGUS TAOBH TÍRE DO PHÁISTÍ A BHEIDH AG GLACADH PÁIRTE I RÉALTAÍ SAMHRAIDH




AN CHÉAD DUAIS




AN DARA DUAIS




AN TRÍÚ DUAIS

TÁ NA DUAISEANNA SEO MAOINITHE AG RANNÓG NA GAEILGE

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Meitheal Náisiúnta Pleanála Teanga

An Ceart chun Léitheoireachta ag do Leabharlann


SULT NA NÓG
LÁ SPRAOI TEAGHLAIGH
GAOTH DOBHAIR
Eircode F92 P866
DÉ DOMHNAIGH
14 IÚIL
2 – 6 I,N,
CEAD ISTEACH
€10
MEGATOONS
Live Mascot Tribute Show
PÁIRC SHIAMSAÍOCHTA
SEÓ DRAÍOCHTA
DIOSCÓ NA NÓG
CLUICHÍ
AN PUBALL MÓR
PÉINTEÁIL AGHAIDHEANNA
CULLENS
Scan QR for tickets